

AN GHNÍOMHAIREACTH

Is gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh a bunaíodh le Rialachán (AE) 2016/796 í Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh. Is é an cuspóir atá leis tacú le forbairt Limistéir Eorpaigh Iarnróid Aonair, gan teorainneacha, lena rathaítear leibhéal ard sábháilteachta.

An Eoraip a bhogadh i dtreo córas iarnróid inbhuanaithe, sábháilte gan teorainneacha

Tá rún daingean againn é sin a bhaint amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- › Deimhnithe, údaruithe agus seirbhísí formheasta a sholáthar don earnáil iarnróid;
- › Cur chuige comhpháirteach a fhorbairt i leith sábháilteachta ar an gCóras Eorpach um Bainistiú Tráchtá Iarnróid (ERTMS);
- › Faireachán a dhéanamh ar Údaráis Náisiúnta Sábháilteachta agus ar Chomhlachtaí a dTugtar Fógra dóibh;
- › Cúnamh (e.g. scaipeadh, oiliúint) do bhallstáit, údaráis náisiúnta sábháilteachta agus geallsealbhóirí;
- › Tacaíocht theicniúil a sholáthar don Choimisiún Eorpach, agus
- › Rochtain éascaithe do chustaiméirí a chur chun cinn maidir leis an earnáil iarnróid Eorpach.

Is féidir teacht ar níos mó sonraí faoinár ngníomhaíochtaí inár [nDoiciméad Clársceidealaithe Aonair](#).

Tá Ceanncheathrú na Gníomhaireachta lonnaithe in Valenciennes, agus roinnt saoráidí eile in Lille atá dírithe ar imeachtaí áirithe. Téigh i gcomhairle an naisc seo a leanas [anseo](#) chun misean, fíis agus luachanna na Gníomhaireachta a léamh.

Le tuilleadh faisnéise a fháil, léigh fúinn ar era.europa.eu.